Téipscript

Topaic: **An Páiste**

Fothopaic: **Caitheamh aimsire na bpáistí**

Cainteoir: **Nóirín Ní Ghallchóir**

Tá a lán rudaí ar siúl ag na páistí. Déanann an bheirt acu peil Ghaelach. Bíonn traenáil ag Ultán dhá uair sa tseachtain agus bíonn cluiche aige gach Satharn. Agus bíonn traenáil ag Róise gach maidin Shathairn ach níl cluichí ar bith aici go fóill. I rith na seachtaine déanann Ultán giotár. Seinneann sé an giotár agus seinneann Róise an fheadóg stáin agus chomh maith leis sin, déanann sí cuid mhór rince. Déanann sí rince Gaelach agus is breá léi *ballet* a dhéanamh agus déanann sí sin gach Satharn.